Oifig an Ombudsman
Office of the Ombudsman

Oifig an Choimisinéara Faisnéise
Office of the Information Commissioner

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil
Office of the Commissioner for Environmental Information

Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
Office of the Commission for Public Service Appointments

Coimisinéir um Nochtadh Cosanta
Protected Disclosures Commissioner

# CREAT RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH

Clár Ábhair

RÉAMHRÁ ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**

1. FORBHREATHNÚ OIFIGE ........ 4

RÓIL NA NOIFIGÍ ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
LUACHANNA, IOMPRAÍOCHTAÍ & CULTÚR ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
CEAPACHÁIN FOIRNE ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
CAIRT SEIRBHÍSE DO CHLIAINT ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
PLEANÁIL STRAITÉISEACH, CINNTEOIREACHT & BAINISTÍOCHT FEIDHMÍOCHTA ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
PLEANÁIL GNÓ ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
SOCRUITHE CUMARSÁIDE INMHÉANACHA ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
RANNPHÁIRTÍOCHT LE PÁIRTITHE LEASMHARA SEACHTRACHA ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**

2. RÓIL NA BAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ & SANNADH FREAGRACHTAÍ ........ 15

RÓL AN OMBUDSMAN / AN CHOIMISINÉARA FAISNÉISE / AN CHOIMISINÉARA UM FHAISNÉIS COMHSHAOIL / AN CHOIMISINÉARA UM NOCHTADH COSANTA ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
RÓL AN ARD-STIÚRTHÓRA / OIFIGEACH CUNTASAÍOCHTA ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**

3. BAINISTÍOCHT AGUS STRUCHTÚIR RIALACHAIS EILE ........ 20

COISTE COMHAIRLEACH BAINISTÍOCHTA ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
BALLRAÍOCHT ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
RÓIL AN CHOISTE CHOMHAIRLIGH BAINISTÍOCHTA ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
CRUINNITHE ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
TUAIRISCIÚ ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
COISTÍ ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**

4. SOCRUITHE INIÚCHTA, DEARBHAITHE & COMHLÍONTA ........ 23

OIFIGEACH CUNTASAÍOCHTA – FREAGRACHTAÍ INIÚCHTA ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
RÓL AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA & RIOSCA ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
RÓL NA HINIÚCHÓIREACHTA INMHEÁNAÍ ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
INIÚCHÓIRÍ SEACHTRACHA ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
RÓL AN AONAID AIRGEADAIS ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
BAINISTÍOCHT RIOSCA ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
NOCHTADH COSANTA ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
BAINISTÍOCHT TAIFEAD ........ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**

Taifid agus Iarratais Rochtana....................Error! Bookmark not defined.
Saoráil Faisnéise....................Error! Bookmark not defined.
Cosaint Sonraí....................Error! Bookmark not defined.
Soláthar Poiblí....................Error! Bookmark not defined.
Cuspóirí Soláthair....................Error! Bookmark not defined.

ATHBHREITHNIÚ....................ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.

AGUISÍN 1.................... 32

Struchtúr Foirne Bainistíochta Mionsonraithe....................Error! Bookmark not defined.

## Réamhrá

Sainmhínítear Rialachas Corparáideach mar an córas, na prionsabail agus na próisis trína ndéantar eagraíochtaí a stiúradh agus a rialú. Tá na prionsabail atá mar bhunús ag rialachas corparáideach bunaithe ar an eagraíocht a bhainistiú go hionraic agus go cothrom, a bheith trédhearcach, gach nochtadh riachtanach a dhéanamh agus an reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh. Éascaíonn dea-rialachas bainistíocht éifeachtúil agus éifeachtach a aistríonn go luach agus seirbhís chustaiméara den scoth dár bpáirtithe leasmhara éagsúla.

Leagtar amach sa doiciméad seo conas a oibríonn Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisinéara Faisnéise, Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta. Comhlíonann na hOifigí seo, dá dtagraítear le chéile mar an 'Oifig' tríd an doiciméad, feidhmeanna reachtúla éagsúil agus ar leith.

Tá an Oifig seo tiomanta do struchtúir, próisis agus córais dea-chleachtais a thacaíonn le feidhmiú rathúil dualgas ar bhealach eiticiúil, cuntasach, trédhearcach agus éifeachtach. Creidimid go daingean go bhfuil dea-rialachas corparáideach riachtanach chun tacú le seachadadh tosaíochtaí straitéiseacha na hOifige. Agus socruithe rialachais á ndoiciméadú is féidir lenár bpáirtithe leasmhara a bheith cinnte go bhfuil beartais agus cleachtais dea-rialachais neadaithe i gcultúr na hOifige.

Ger Deering
Ombudsman & Coimisinéir Faisnéise

Elaine Cassidy
Ard-Stiúrthóir

# 1. Forbhreathnú Oifige

## Róil na nOifigí

Clúdaíonn an doiciméad seo Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF), Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil (OCFC), an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (CCOP), an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta (OCNC). Comhlíonann gach ceann de na sé Oifig feidhmeanna reachtúla ar leith. Mar sin féin, feidhmíonn siad mar ghníomhaireacht chónasctha aonair faoi Vóta amháin agus Oifigeach Cuntasaíochta amháin agus mar Choiste Comhairleach Bainistíochta a bhainistíonn an Oifig, agus ag an am céanna ag cosaint agus ag caomhnú neamhspleáchas reachtúil agus feidhmeanna gach ceann de na comhchodanna. Tá a líon foirne féin ag gach Oifig ach roinntear an fhoireann agus na córais airgeadais, acmhainní daonna, dlí, cumarsáide agus teicneolaíochta faisnéise.

Baineann Oifig an Ombudsman go príomha le breithniú a dhéanamh ar ghearáin aonair maidir le soláthraithe seirbhíse poiblí áirithe, agus sásamh aonair a lorg nuair is cuí agus feabhsúcháin ar sheirbhísí poiblí a chinntiú. Is é an tAcht Ombudsman (Leasú), 2012 a reachtaíocht rialaithe. Scrúdaíonn an Oifig freisin gearáin faoi mhainneachtain ag soláthraithe seirbhíse poiblí foirgnimh, seirbhísí agus faisnéis inrochtana a sholáthar, mar a cheanglaítear faoi Chuid 3 den Acht um Míchumas, 2005.

Is iad príomhfheidhmeanna OCF ná athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí comhlachtaí poiblí maidir le hiarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (SF), 2014 agus nuair is gá, cinntí ceangailteacha nua a dhéanamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an Achta um SF chun a chinntiú go gcomhlíonann comhlachtaí forálacha na reachtaíochta.

Bunaíodh an OCFC leis na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol 2007. Is é ról an Choimisinéara ná cinneadh a dhéanamh ar achomhairc ó bhaill den phobal nach bhfuil sásta le toradh a n-iarratas ar údaráis phoiblí ar fhaisnéis faoin gcomhshaol. Go sonrach, forálann na Rialacháin gur féidir leis an gCoimisinéir athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí údarás poiblí agus go bhféadfaidh sé cinntí ceangailteacha a dhéanamh maidir le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol.

Is é fócas rúnaíocht CCOP ná maoirseacht a dhéanamh ar an reachtaíocht um Eitic agus Toghcháin, arb é a spiorad cuntasacht agus ardchaighdeáin a chinntiú i saol poiblí na hÉireann. Tá ról maoirseachta aige faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, arna leasú leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, (na hAchtanna um Eitic), an tAcht Toghcháin 1997, arna leasú, (na hAchtanna Toghcháin), Acht an Oireachtais (Aire agus Oifigí Parlaiminte) (Leasú), 2014, (an tAcht um Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte) agus an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015. Foráiltear leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, do Chlár Brústocaireachta bunaithe ar an ngréasán chun faisnéis a chur ar fáil don phobal ar an céannacht na ndaoine sin a dhéanann cumarsáid le hoifigigh phoiblí ainmnithe ar bheartas sonrach, ar ábhair reachtacha nó ar chinntí ionchasacha. Ina ról mar Rialálaí Brústocaireachta, déanann CCOP maoirsiú ar chur i bhfeidhm an chláir, déanann siad monatóireacht ar chomhlíonadh, soláthraíonn siad treoir agus cúnamh agus nuair is gá imscrúdaíonn siad agus téann siad sa tóir ar sháruithe ar cheanglais dlí.

Tá an CCSP freagrach as próisis earcaíochta agus ceapacháin san earnáil phoiblí a rialáil. Bunaíodh é leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 agus tá sé faoi cheangal an dlí a chinntiú go ndéantar earcaíocht agus roghnú ar mhodhanna atá cothrom, oscailte, ionchuimsitheach agus bunaithe ar fhiúntas.

Síníodh an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 ina dhlí ar an 21ú Iúil 2022. Thrasuigh sé Treoir 2019/1937 ón AE maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais. Leasaigh an Bille an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 agus rinne foráil do bhunú Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta (OCNC) chun tacú le feidhmiú an Achta. Is iad príomhfheidhmeanna an OCNC:

- Aon tuarascálacha a fhaigheann an Coimisinéir faoin Acht a fháil agus a tharchur chuig duine forordaithe cuí nó chuig duine oiriúnach eile.
- I gcásanna nach bhfuil duine forordaithe cuí nó duine oiriúnach eile ann, obair leantach a dhéanamh ar thuarascálacha a fhaigheann an Coimisinéir faoin Acht.

Is féidir faisnéis níos mionsonraithe maidir le hoibriú gach Oifige a fháil sa rannán 'Maidir Linne' ar a suíomh ghréasáin faoi seach- Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisinéara Faisnéise, Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil, An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Rialachán na Brústocaireachta, an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta.

Tá tírdhreach na seirbhísí poiblí ag athrú i gcónaí agus mar sin déileálfar leis an gCreat seo mar dhoiciméad dinimiciúil, a nuashonrófar go rialta ag cuimhneamh ar imlitreacha agus treoir ghaolmhar.

## Luachanna, Iompraíochtaí & Cultúr

Is í ár bhfís 'Cothroime, trédhearcacht agus cuntasacht a bhrú chun cinn i seachadadh seirbhísí poiblí'. Bainfear é seo amach trí na cuspóirí atá leagtha amach inár bPlean Straitéiseach 2022 – 2025, a chlúdaítear go mion níos déanaí sa doiciméad.

Tá ár luachanna, atá leagtha amach thíos, mar bhonn agus mar thaca ag ár gcuspóirí straitéiseacha agus cabhraíonn siad le dul i bhfeidhm ar an mbealach ina gcuirimid ár seirbhísí ar fáil:

**Neamhspleáchas -** Scrúdóimid gearáin, déanfaimid athbhreithnithe, agus déanfaimid cinntí ar bhealach cothrom, oibiachtúil agus neamhchlaonta.

**Fócas ar Chustaiméirí -** Tá sé mar aidhm againn sármhaitheas agus gairmiúlacht a bhaint amach i seachadadh ár seirbhísí. Comhlíonfaimid caighdeáin cháilíochta sainithe agus déanfaimid athbhreithniú leanúnach ar ár bhfeidhmíocht chun a chinntiú go bhfanann an custaiméir i gcroílár gach rud a ndéanaimid.

**Cothroime -** Tá sé ríthábhachtach dár gcaidrimh lenár bpáirtithe leasmhara go léir go gcaitear le gach duine le meas, le dínit agus le cothroime. Cuidíonn sé freisin le timpeallacht shláintiúil oibre a chuireann rannpháirtíocht, oscailteacht agus trédhearcacht chun cinn.

**Meas** - Is bunchloch ár gcultúr é caitheamh le gach duine le meas agus le dínit. Éistfimid go cúramach lenár gcustaiméirí agus le soláthraithe seirbhíse poiblí d'fhonn a n-imní agus a seasaimh a thuiscint. Déanfaimid iarracht a chinntiú go gcaitear lenár nOifig agus lenár bhfoireann le meas freisin. Táimid tiomanta don éagsúlacht agus beidh meas againn ar gach duine aonair agus is mór againn ar an méid a dhéanann siad.

**Ionracas** - Inár gcuid oibre cuirimid chun cinn cultúr dearfach oscailteacht, trédhearcachta, iompar eiticiúil agus rialachas éifeachtach. Is é ár gcultúr ná na caighdeáin eiticiúla is airde a sheasamh agus gníomhú le macántacht agus ionracas. Táimid trédhearcach, oscailte agus macánta sa chaoi a gcuirimid ár seirbhísí ar fáil. Leanfaimid ag seachadadh ár seirbhísí ar bhealach neamhchlaonta,

trédhearcach agus gairmiúil. Beidh meas againn ar íogaireacht na faisnéise a fhaighimid agus cosnóimid aon fhaisnéis a chuireann ár gcustaiméirí agus soláthraithe seirbhíse poiblí ar fáil dár nOifig.

Is é an tUachtarán, ar ainmniúchán ón Oireachtas, a cheapann an tOmbudsman, arb é an Coimisinéir Faisnéise é freisin de réir na reachtaíochta, ar feadh téarma seasta oifige. Is é an tOmbudsman an Coimisinéir um Nochtadh Cosanta freisin agus comhalta den Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, den Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus den Choimisiún Toghcháin. Is Státseirbhísigh den Stát iad gach ball foirne eile san Oifig.

## Ceapacháin Foirne

Nuair a cheaptar iad tugtar cóip de Chiorclán 7/98 do gach ball foirne, a leagann amach na hoibleagáidí atá ar státseirbhísigh maidir le rúndacht agus ionracas i gcomhlíonadh a gcuid dualgas oifigiúil. Faigheann baill foirne cóip freisin de Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse agus de Chód Caighdeán agus Iompraíochta na hOifige, a léiríonn an t-iompar a bhfuiltear ag súil leis ón bhfoireann faoi Chód na Státseirbhíse. Ní mór don fhoireann a dheimhniú gur léigh siad agus gur thuig siad na trí dhoiciméad seo, mar go bhfuil siad mar chuid de théarmaí agus de choinníollacha a seirbhíse.

Cuirtear Cód Araíonachta na Státseirbhíse, Dínit san Ionad Oibre (polasaí frithbhulaíochta, ciapadh agus gnéaschiapadh na státseirbhíse), ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta na hOifige agus ár mbeartais um Nochtadh Cosanta agus Deasc Glan ar fáil don fhoireann freisin. Clúdaítear na doiciméid trí ionduchtú foirne, a chuimsíonn modúl maidir le luachanna, iompraíochtaí agus eitic na hOifige.


## Cairt Seirbhíse do Chliaint

Tá an Oifig tiomanta d'ardchaighdeán seirbhíse a sholáthar dár gcliaint go léir de réir phrionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí mar atá faofa ag an Rialtas. Cuirimid seirbhísí ar fáil do raon leathan cliant, lena n-áirítear gearánaithe aonair agus a n-ionadaithe, ionadaithe tofa mar Teachtaí Dála, Seanadóirí agus comhaltaí Údaráis Áitiúil, baill de na meáin, Soláthraithe Seirbhíse Poiblí, agus go leor comhlachtaí agus eagraíochtaí deonacha agus ionadaíocha.


Tá an Chairt Seirbhíse do Chliaint do gach Oifig ar fáil ar leathanach baile na suíomhanna gréasáin faoi seach. Leagann na doiciméid amach na caighdeáin seirbhíse a bhfuil sé mar aidhm againn a sholáthar dár gcustaiméirí.

# Struchtúr na hEagraíochta

Mar a leagadh amach níos luaithe sa doiciméad seo, tá an Oifig comhdhéanta de roinnt comhlachtaí a bhfuil feidhmeanna reachtúla ar leith acu, a ndéanann Coiste Comhairleach Bainistíochta maoirsiú ar a ngníomhaíochtaí (féach Cuid 3) agus a mhaoinítear ag Vóta amháin.




* Cuireann Oifig an Ombudsman seirbhísí ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus don Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí i bhfoirm rúnaíochta agus seirbhísí comhroinnte eile. Is é an tArd-Stiúrthóir an tOifigeach Cuntasaíochta do na feidhmeanna reachtúla seo. Tuairiscíonn rúnaíochtaí dá gCoimisiún maidir le cinntí reachtúla agus feidhmeanna eile a bhaineann lena sainordú reachtach; agus chuig an Ard-Stiúrthóir maidir le hábhair a bhaineann leis an bhfoireann, le hoibríochtaí agus le bainistíocht fhioscach.




** Is é an duine céanna Ard-Stiúrthóir/Stiúrthóir an CCSP.

## Pleanáil Straitéiseach, Cinnteoireacht & Bainistíocht Feidhmíochta

D'fhoilsigh an Oifig Ráiteas Straitéiseach athbhreithnithe i 2022, inar aithníodh sé chuspóir ardleibhéil mar phríomhchumasóirí chun a bhfís a bhaint amach, mar a leanas:

**1. Seirbhísí poiblí a fheabhsú**
Dul i dteagmháil go gníomhach lenár bpáirtithe leasmhara chun feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí poiblí sin atá laistigh dár sainchúram agus chun riarachán agus seachadadh seirbhísí poiblí níos fearr a chinntiú.

**2. Trédhearcacht sa saol poiblí a fheabhsú**
Féachaint lena chinntiú go bhfuil caighdeáin chearta ionracais, iompair agus imní ar mhaithe le leas an phobail mar bhonn agus mar thaca ag seachadadh seirbhísí poiblí. Féachaint lena chinntiú freisin go bhfuil rochtain ag an bpobal ar fhaisnéis chuimsitheach thráthúil faoin gcaoi a bhfuil cinntí maidir le beartas poiblí agus seirbhísí á ndéanamh.

**3. Oscailteacht agus cuimsitheacht níos fearr a bhaint amach maidir le rochtain ar sheirbhísí poiblí**
Oibriú lenár bpáirtithe leasmhara chun úsáid a bhaint as modhanna éagsúla cumarsáide agus rannpháirtíochta chun eolas agus rochtain níos fearr ar sheirbhísí poiblí a chinntiú agus chun fócas níos mó a spreagadh ar oibriú le daoine ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste nó ó phobail imeallaithe ar minic a mbíonn an gá is mó acu le seirbhísí poiblí.

**4. Nuáil, cuíchóirigh agus feabhas a chur ar an gcaoi a láimhseáilimid ár n-idirghníomhaíochtaí custaiméirí go léir**
Déanfaimid athbhreithniú rialta ar ár bpróisis oibre lena chinntiú go bhfuil siad chomh héifeachtach agus is féidir agus go bhfuil muid ag baint tairbhe as aon nuálaíocht nó teicneolaíocht a d'fhéadfadh ár gcuid oibre a fheabhsú. Go háirithe, feabhsóimid ár dtairiscint dhigiteach trí níos mó seirbhísí a chur ar fáil ar líne.

**5. Foireann lúfar freagrúil a fhorbairt**
Leanfaimid ag foghlaim agus ag feabhsú trí bheith oscailte do smaointe seachtracha agus ár n-ionad oibre a athshamhlú chun leas iomlán a bhaint as na deiseanna a chuireann teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun deis a thabhairt dár bhfoireann a lánacmhainneacht a

chomhlíonadh agus seirbhísí poiblí den scoth a chur ar fáil i dtimpeallacht oibre sholúbtha, thacúil atá sásúil.

**6. Ár gcórais a shlánú agus a nuachóiriú go dtí 2025 agus ina dhiaidh sin**
Beidh muid ag ullmhú chun bogadh chuig réiteach/seirbhís scamall-bhunaithe den chuid is mó agus forbróimid agus cuirfimid i bhfeidhm samhail fhadtéarmach acmhainní inbhuanaithe dár seirbhísí TFC. Beidh tionchar trasghearrtha ag an gcuspóir seo ar go leor de na cuspóirí sonracha i ngach Oifig.

Baineann an Ráiteas le hOifigí an Ombudsman, an Choimisinéara Faisnéise, an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil agus an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta. I bhfianaise na foirne agus na n-acmhainní eile atá a roinnt ar fud na nOifigí, baineann an Ráiteas Straitéise seo le Rúnaíochtaí CCOP agus an CCSP. Tá na Coimisiúin, a fhaigheann tacaíocht ó na Rúnaíochtaí ina gcuid oibre, comhdhéanta de Chathaoirleach neamhspleách ar an gCoimisiún agus de chomhaltaí an Choimisiúin (agus áirítear an bheirt acu ar an Ombudsman i measc a gcomhaltaí).

Mar chomhaltaí d’fhoireann ár nOifige, roinneann na Rúnaíochtaí fís agus luachanna ár nOifige. Cé go bhfuil na Coimisinéirí iad féin go hiomlán neamhspleách ina gcuid feidhmeanna cinnteoireachta, tacaíonn siad lena Rúnaíochtaí a bheith rannpháirteach in aithint cuspóirí, luachanna agus feabhsuithe, a thacóidh leo ina gcuid oibre agus a thabharfaidh tairbhí don phobal i gcoitinne.

De réir mar a chuaigh an Bille um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 ar aghaidh, bhíomar ag súil go mbunófaí an OCNC le linn 2022 freisin. Bhreithníomar é seo le linn ullmhú an Ráitis Straitéise seo agus chinneamar go mbeadh ár bhfís, ár luachanna agus ár dtéamaí straitéiseacha ag teacht le ról an Choimisinéara nua seo. Bunaíodh an Oifig go foirmiúil ar an 1ú Eanáir 2023 agus clúdaítear í i Ráiteas Straitéise 2025 na hOifige.

## Pleanáil Gnó

Ceanglaítear ar gach réimse den Oifig go bliantúil Plean Gnó a tháirgeadh, a leagann amach na príomh-aschuir a sheachadfar chun cuspóirí na Ráiteas Straitéiseach a bhaint amach. Déanann an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú ar na pleananna ar bhonn ráithiúil. Cuirtear nuashonruithe foirmeálta ar dhul chun cinn ar fáil freisin don fhoireann go léir ar bhonn leathbhliantúil.

# Tuarascálacha Bliantúla

Ullmhaíonn gach Oifig Tuarascálacha Bliantúla, faoin reachtaíocht chuí, agus leagtar faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad. Déanann na tuarascálacha athbhreithniú ar dhul chun cinn gnó na bliana roimhe sin agus leagann siad amach forbairtí agus gaiscí suntasacha na hOifige.

## Socruithe Cumarsáide Inmheánacha

Tá cumarsáid mhaith inmheánach ríthábhachtach d'oibriú rathúil na hOifige agus chun a chinntiú go bhfuil spriocanna na foirne ailínithe le haidhmeanna na heagraíochta. Is iad cuspóirí foriomlána ár Straitéise Cumarsáide Inmheánaí ná:

- Cultúr láidir cumarsáide a chothú laistigh den Oifig trí shreabhadh faisnéise a chruthú suas, síos agus trasna na heagraíochta
- Cultúr a fhorbairt ina mothaíonn bainisteoirí agus baill foirne go bhfuil siad spreagtha agus go bhfuil siad in ann rannchuidiú leis an eagraíocht, agus ina bhfeictear cumarsáid agus comhroinnt eolais mar chomhfhreagracht

Agus na cuspóirí á mbaint amach, cinnteoidh sé:

1. Go mbeidh an fhoireann ar an eolas, agus go mbeidh an t-eolas acu chun a gcuid post a dhéanamh go héifeachtúil agus go héifeachtach.
2. Go spreagtar an fhoireann a dtuairimí agus a n-imní a chur chun tosaigh.
3. Go mbíonn baint ghníomhach ag an bhfoireann le pleanáil agus le cinnteoireacht.
4. Go gcuirtear faisnéis ábhartha in iúl do na daoine cuí, ar an modh cuí agus ag an am cuí.
5. Go dtuigeann gach duine cuspóirí agus luachanna na hOifige, agus roinneann siad ina chultúr iad. Tugtar tacaíocht ghníomhach don fhoireann agus tugtar dúshlán dóibh a gcuid uaillmhianta agus uaillmhianta na hOifige a bhaint amach.
6. Go gcruthaítear timpeallacht oscailte, macántachta, comhsheasmhachta agus soiléire cumarsáide.
7. Go gcoinnítear baill foirne, beag beann ar a suíomh, ar an eolas faoina bhfuil ar siúl san Oifig.
8. Go bhfaigheann baill foirne aiseolas ar a gcuid oibre agus tugtar aghaidh ar riachtanais forbartha.
9. Go bhfuil bealaí soiléire cumarsáide ann, lena n-áirítear inlíon na foirne, nuachtlitir, cruinnithe foirne, cruinnithe comhpháirtíochta agus ár gcruinnithe leathbhliantúla foirne.

# Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara Seachtracha

Bíonn ár nOifig i dteagmháil go réamhghníomhach le soláthraithe seirbhíse poiblí agus le gníomhaireachtaí seachtracha agus déanann sí iarracht dea-chaidreamh oibre a chothú lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Aithnímid an tábhacht a bhaineann le cumarsáid dhá bhealach chun cúrsaí tábhachtacha a chur chun cinn. Roinneann an Oifig ábhar treorach le comhlachtaí agus le daoine den phobal ar bhonn rialta. Cuireann sé bileoga faisnéise míniúcháin ar fáil freisin maidir lena ról in earnálacha éagsúla ar nós Sláinte nó Oideachas, chomh maith le hábhar faisnéise ginearálta, mar shampla, ceisteanna coitianta ar gach réimse oibre. Tá na doiciméid ar fáil ar ár suíomh ghréasáin agus déantar iad a dháileadh freisin ar sholáthraithe seirbhíse ábhartha.

**<u>Oifig an Ombudsman</u>**

Táirgeann Oifig an Ombudsman 'Cásleabhar', a dhéanann achoimre ar thorthaí na gcásanna agus a fhéadfaidh feidhmiú mar uirlis foghlama/taighde do sholáthraithe seirbhíse poiblí. Tá clár For-Rochtana gníomhach aige freisin agus tá acmhainní leithdháilte aige ar Aonad Cáilíochta, Rannpháirtíochta le Páirtithe Leasmhara agus Cumarsáide atá faoi stiúir an Cheann Cumarsáide. Bíonn an tOmbudsman i dteagmháil freisin leis an Roghchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú agus leis an Taoiseach maidir lena Thuarascáil Bhliantúil, maidir le saincheisteanna leanúnacha atá thar a bheith tábhachtach don Oifig agus maidir lena fhís do thodhchaí Oifig an Ombudsman. Dá réir sin tá ról ag an Roghchoiste a chinntiú go ngníomhaítear ar cháineadh agus ar mholtaí an Ombudsman i leith soláthraithe seirbhíse poiblí.

**<u>Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil</u>**

Chomh maith le gach cinneadh athbhreithnithe a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin, foilsíonn OCF nótaí treorach ginearálta freisin, ina dtugtar tráchtaireacht ghairid ar léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Choimisinéara ar ghnéithe éagsúla den Acht um SF, 2014. Ba cheart go gcabhródh na nótaí, dá bhrí sin, le comhlachtaí SF sa phróiseas cinnteoireachta um Shaoráil Faisnéise. Foilsítear Lámhleabhair Nósanna Imeachta ar an suíomh gréasáin freisin. Cuireann imscrúdaitheoirí agus baill foirne eile go rialta le ceardlanna agus imeachtaí oiliúna a reáchtálann comhlachtaí poiblí agus daoine eile. Téann an OCF i dteagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar ábhair a bhaineann le reachtaíocht SF agus bíonn idirchaidreamh ag an OCFC leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maidir le réim Rochtana ar Fhaisnéis Chomhshaoil (RFC) agus

Coinbhinsiún Aarhus. Déanann an OCFC cur i láthair freisin ag imeachtaí oiliúna d'údaráis phoiblí agus ag seimineáir acadúla agus dlí ar ról an Choimisinéara maidir le RFC.

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**

Foilsíonn an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí treoirlínte reachtúla agus uirlisí faisnéise do dhaoine agus d'eagraíochtaí a bhfuil oibleagáidí orthu faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 (na hAchtanna um Eitic), an tAcht Toghcháin 1997, arna leasú, Acht an Oireachtais (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2014 agus an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015. Déanann an Coimisiún freisin gníomhaíochtaí oideachais agus for-rochtana atá dírithe ar chomhaltaí an Oireachtais, sealbhóirí oifige, oifigigh phoiblí ainmnithe, brústocairí, comhlachtaí poiblí, páirtithe polaitíochta, tríú páirtithe, iarrthóirí agus gníomhairí toghcháin chun feasacht a ardú ar a ndualgais reachtúla faoi na hAchtanna.

Téann an Coimisiún i dteagmháil le ranna rialtais ábhartha, le Tithe an Oireachtais, agus le Coistí ábhartha maidir le reachtaíocht molta agus foirmeacha. Áirítear ar ghníomhaíochtaí for-rochtana freisin fógraíocht, labhairt ag imeachtaí ar fud na tíre, foilsiú ailt in irisí trádála, óstáil seisiúin faisnéise oscailte, agus idirchaidreamh leis na meáin de réir mar is gá. Coinníonn an Coimisiún dhá shuíomh gréasáin (www.sipo.ie agus www.lobbying.ie), ar a bhfuil raon leathan ábhar treorach, CC agus físeáin faisnéise atá oiriúnaithe do lucht féachana éagsúla.

**An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí**

Foilsíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) a thuarascálacha iniúchta ar a shuíomh gréasáin. Coinníonn sé cásleabhar freisin, a leagann amach seasamh an CCSP maidir leis na gearáin is coitianta a fhaigheann sé maidir le reáchtáil na bpróiseas earcaíochta agus roghnóireachta. Ina theannta sin, tá tuarascálacha bliantúla, ráiteas straitéise agus CC an CCSP ar fáil ar an suíomh gréasáin.

Aithnímid go bhfuil athrú tagtha ar an mbealach a n-idirghníomhaíonn ár gcustaiméirí leis an Oifig i bhfianaise na bhfeabhsuithe sa teicneolaíocht agus gur acmhainn chumarsáide ríthábhachtach láithreach é an tIdirlíon. Déanann ár dTionscnaimh Straitéiseacha iarracht leas a bhaint as seo agus tá sé mar aidhm againn éifeachtúlacht ár ngníomhaíochtaí laethúla a fheabhsú agus eispéireas ár gcustaiméirí ar sheirbhísí poiblí a shimpliú. Is iad ár suíomhanna gréasáin an acmhainn faisnéise is

tábhachtaí atá ar fáil don Oifig chun faisnéis a sholáthar ar ár róil éagsúla ar bhealach inrochtana go héasca do lucht féachana forleathan agus éagsúil.

# 2. Róil na Bainistíochta Sinsearaí & Sannadh Freagrachtaí

Is gné ríthábhachtach den Fhoireann Bainistíochta éifeachtach é dea-rialachas corparáideach, arb é a ról ná cuspóir agus spriocanna a leagan síos, straitéis a fhorbairt agus beartais a bhunú a chuirfidh ar chumas na hOifige a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach go rathúil agus feidhmíocht láidir a choinneáil.

## Ról an Ombudsman / an Choimisinéara Faisnéise / an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil / an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta

Is é an tUachtarán a cheapann an tOmbudsman agus an Coimisinéir Faisnéise (duine amháin atá ann faoi láthair) ar ainmniúchán ón Oireachtas, ar feadh téarma seasta oifige. Tá an tOmbudsman/Coimisinéir Faisnéise neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna.

### Ombudsman

Is é príomhról an Ombudsman ná scrúdú a dhéanamh ar ghearáin maidir le gníomhartha riaracháin soláthraithe seirbhíse poiblí agus a chinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil drochriarachán agus drochthionchar mar thoradh ar na gníomhartha. Féachann sé freisin le feabhsuithe a bhrú chun cinn san earnáil phoiblí i gcoitinne. Go hiondúil cuirtear tús le himscrúduithe de bhun gearáin ach tá an chumhacht ag an Ombudsman freisin imscrúduithe ar a thionscnamh féin a dhéanamh, gan gearán ar leith a bheith faighte aige. Chomh maith le dul i ngleic le drochriarachán thar earnáil ar leith trí imscrúdú amháin, cuireann imscrúduithe féintionscnaimh ar chumas an Ombudsman aird an phobail a thabhairt ar ábhair a bhfuil suim shuntasach ag an bpobal iontu.

Tar éis imscrúdú a dhéanamh ar ghearán i gcoinne soláthraí seirbhíse poiblí, déanfaidh an tOmbudsman cinneadh. Má sheastar leis an ngearán féadfaidh an tOmbudsman moladh a chur faoi

bhráid an tsoláthraí seirbhíse poiblí sin atá dírithe ar an drochriarachán a tharla a chur ina cheart. Féadfaidh an tOmbudsman an moladh sin a dhéanamh freisin do sholáthraithe seirbhíse poiblí eile má mheasann sé go mbeadh sé tairbheach dóibh gníomhú air freisin.

Téann an tOmbudsman i dteagmháil leis an gCoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus leis an Taoiseach maidir lena Thuarascáil Bhliantúil, saincheisteanna leanúnacha atá thar a bheith tábhachtach don Oifig chomh maith lena fhís do thodhchaí Oifig an Ombudsman. Ina dhiaidh sin, tá ról ag an gCoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú agus ag an Taoiseach lena chinntiú go ngníomhaítear ar cháineadh agus ar mholtaí an Ombudsman i leith soláthraithe seirbhíse poiblí.

Scrúdaíonn an tOmbudsman gearáin faoin Acht um Míchumas, 2005 freisin. Cuireann an tAcht dualgas reachtúil ar sholáthraithe seirbhíse poiblí tacú le rochtain ar sheirbhísí agus ar shaoráidí do dhaoine atá faoi mhíchumas. Is féidir gearán a dhéanamh leis an Ombudsman maidir le mainneachtain comhlachta phoiblí le Cuid 3 den Acht um Míchumas a chomhlíonadh. Go sonrach, féadfaidh an tOmbudsman gearáin a imscrúdú faoi rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar fhoirgnimh phoiblí, ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis.

## Coimisinéir Faisnéise

Tá an Coimisinéir Faisnéise neamhspleách freisin i gcomhlíonadh a chuid dualgas. Tá cinntí an Choimisinéara Faisnéise ceangailteach agus ní féidir achomharc a dhéanamh orthu ach amháin chun na hArd-Chúirte ar phointe dlí. Soláthraíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 cumhachtaí suntasacha don Choimisinéir chun ligean dó a fheidhm a chomhlíonadh maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chinntí comhlachtaí atá faoi shainchúram. Má mheasann sé cinneadh a bheith neamhleor, féadfaidh sé, faoi Alt 23, a éileamh go n-eiseofar ceann nua.

Faoi Alt 45, féadfaidh an Coimisinéir a cheangal ar aon duine a mheasann sé a bhfuil faisnéis a bhaineann le cás nó imscrúdú acu í a sholáthar don Oifig. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisinéir a cheangal ar an duine freastal os a chomhair chun an fhaisnéis a sholáthar. Féadfaidh sé dul isteach in aon áitreabh atá á áitiú ag comhlacht faoi shainchúram agus a cheangal ar aon duine a fhaightear san áitreabh doiciméid a sholáthar, a fhéadfaidh sé a chóipeáil agus a choinneáil ar feadh tréimhse réasúnta.

Tá aon duine a chuireann bac ar an gCoimisinéir i bhfeidhmiú a fheidhmeanna athbhreithnithe nó imscrúdaithe ciontach i gcion agus, de réir Alt 45, féadfar fíneáil a ghearradh orthu nó iad a chur i bpríosún ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí.

### An Coimisinéir um Fhaisnéis Chomhshaoil

Bunaíodh Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil leis na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, 2007. Is é ról an Choimisinéara ná cinneadh a dhéanamh ar achomhairc ó dhaoine den phobal nach bhfuil sásta le toradh a n-iarratas ar údaráis phoiblí ar fhaisnéis faoin gcomhshaol.

Go sonrach, forálann na Rialacháin gur féidir leis an gCoimisinéir athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí údarás poiblí, agus de réir an dlí, is féidir leis an gCoimisinéir cinntí ceangailteacha a dhéanamh maidir le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol.

An Coimisinéir um Nochtadh Cosanta

Bunaíodh Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 agus cuireadh tús le hoibríochtaí ar an 1ú Eanáir 2023. Is é ról na hOifige ná tuairiscí ar éagóir a sheoladh chuig an eagraíocht chuí de réir an Achta um Nochtadh Cosanta. Tá an Coimisinéir freagrach freisin as gach nochtadh cosanta a chuirtear chuig Airí an Rialtais a tharchur chuig an údarás is oiriúnaí le haghaidh measúnaithe agus leantacha. I gcúinsí áirithe, breithneoidh an Coimisinéir um Nochtadh Cosanta tuairisc éagóra agus déanfaidh sé é a leanúint mura bhfuil aon eagraíocht chuí eile ann. Is féidir leis an gCoimisinéir tuairiscí ar éagóir a fháil:

- go díreach ó oibrí
- ó Aire, a bhfuil sé de dhualgas air é a chur chuig an gCoimisinéir laistigh de dheich lá tar éis é a fháil nó
- ó ‘dhuine forordaithe’ i gcúinsí áirithe.

## Ról an Ard-Stiúrthóra/Oifigeach Cuntasaíochta

Is é an tArd-Stiúrthóir Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige agus comhalta den Státseirbhís. Tá freagracht bhainistíochta líne uirthi as foireann uile na hOifige. Faigheann sí tacaíocht ó Choiste Comhairleach Bainistíochta d’oifigigh ag leibhéal an Phríomhoifigigh, a fheidhmíonn mar Chinn Aonaid Ghnó. Mar Oifigeach Cuntasaíochta tá sí freagrach go pearsanta as:

- Cistí poiblí agus réadmhaoin atá faoina smacht a chosaint;
- rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart ar fad i ngach Cuntas Leithreasa ar a bhfuil a síniú;
- Leordhóthanacht na socruithe laistigh den Oifig chun a chinntiú go bhfuil gach íocaíocht faoina smacht i gceart agus go ndéanfar gach fáltas a bhaineann leis an Vóta a ghnóthú go pras agus go héifeachtach agus a thabhairt chun cuntais.
- A chinntiú go bhfuil smachtbhanna caiteachais faighte ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus chun taifead lárnach smachtbhannaí tarmligthe agus smachtbhannaí sonracha a choinneáil.
- Iniúchadh inmheánach, lena n-áirítear athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fheidhm an iniúchta inmheánaigh chun a chinntiú go bhfuil an cháilíocht dearbhaithe atá ag teastáil maidir le leordhóthanacht, iontaofacht agus éifeachtúlacht de chóras rialaithe inmheánaigh na hOifige.
- Barainneacht agus éifeachtúlacht i riarachán na hOifige. Áiríonn sé seo a chinntiú go bhfuil córais bhainistíochta airgeadais imleor i bhfeidhm chun tacú le riarachán cuí na hOifige ar bhealach barainneacht agus éifeachtúil.

Is Oifigeach Cuntasaíochta a cheaptar Ceann na Státseirbhíse a riarann an Vóta de ghnáth ar an mbonn go bhfuil siad féin in ann freagracht a chomhlíonadh as an airgead a chuirtear ar iontaoibh na hOifige, as an úsáid a bhaintear as a hacmhainní agus as rialú na sócmhainní atá á gcoimeád, ar nós talamh, foirgnimh, stórais, trealamh nó maoin eile.

I dteannta leis an méid thuas agus, mar Oifigeach Cuntasaíochta, cé gur féidir léi socruithe a chur i bhfeidhm chun cabhrú leis na gnéithe de na hoibleagáidí rialachais seo a leanas, ní féidir léi cuntasacht a tharmligean chuig fo-oifigigh. Is iad seo a leanas na hoibleagáidí sin:

- Cuntais Leithreasa a ullmhú agus a chur i láthair
- Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19
- An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais a sholáthar don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste leis an gCuntas Leithreasa Bliantúil
- Teacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí
- Feidhm Iniúchta Inmheánaigh a chur i bhfeidhm

- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhunú
- Faomhadh do dhámhachtain conarthaí móra

Láithreoidh an tOifigeach Cuntasaíochta os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí chun déileáil le saincheisteanna a eascraíonn as tuarascálacha ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus le hábhair eile a bhaineann le gníomhaíochtaí na hOifige ar mian leis an gCoiste a phlé. Faoi alt 19 d'Acht 1993, ní mór d'Oifigigh Cuntasaíochta, nuair a cheanglaítear orthu déanamh amhlaidh, fianaise a thabhairt don CCP faoi;

a) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart arna dtaifeadadh in aon chuntas atá faoi réir iniúchta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a gceanglaítear ar an Oifigeach Cuntasaíochta le reacht nó faoi reacht a ullmhú,
b) barainneacht agus éifeachtúlacht na hOifige in úsáid a cuid acmhainní,
c) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an Oifig chun éifeachtacht a cuid oibríochtaí a mheas, agus
d) aon ní a dhéanann difear don Oifig dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi Alt 11(2) den Acht [go bunúsach, tuarascáil speisialta i ndáil le haon chigireacht, scrúdú nó iniúchadh ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste] nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (a mhéid a bhaineann sé le hábhar a shonraítear i mír (a), (b) nó (c) thuas) a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann.

# 3. Bainistíocht agus Struchtúir Rialachais eile

## Coiste Comhairleach Bainistíochta

Is fóram feidhmiúcháin agus comhairleach é an Coiste Comhairleach Bainistíochta a thugann an tOmbudsman/Coimisinéir Faisnéise, an tArd-Stiúrthóir agus Cinn na nAonad Gnó le chéile chun comhoibriú i gceannaireacht agus i mbainistíocht na nOifigí éagsúla. Trí fhreagracht choláisteach a ghlacadh as tacaíocht a thabhairt don Ard-Stiúrthóir ar shaincheisteanna tras-eagraíochta, déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta cothromaíocht a dhéanamh idir freagrachtaí Oifige aonair a chomhaltaí agus a bhfreagracht chorparáideach mar fhoireann Ardbhainistíochta. Is é sainchúram an Choiste Chomhairligh Bainistíochta ná maoirsiú a dhéanamh ar oibríochtaí agus cuspóirí straitéiseacha na nOifigí go léir a sheachadadh. Tá a ról agus a théarmaí tagartha leagtha amach níos mine thíos.

## Ballraíocht

Tá an Coiste Comhairleach Bainistíochta (féach Struchtúr Eagrúcháin, Aguisín 1) comhdhéanta den Ombudsman, an tArd-Stiúrthóir agus Príomhoifigigh, a bhfuil freagracht orthu as Seirbhísí Corparáideacha agus TFC, Dlí, Cáilíocht, Rannpháirtíocht agus Cumarsáid le Geallsealbhóirí, CCOP, OCF, OCFC, Ombudsman an CCSP agus an OCNC.

## Róil an Choiste Chomhairligh Bainistíochta

Is iad seo a leanas freagrachtaí an CCB go sonrach:

- Tacú leis an Ombudsman i bhforbairt agus i seachadadh Pleananna Straitéiseacha agus Gnó

- Tacú leis an Ard-Stiúrthóir chun tosaíocht ghníomhaíochtaí na hOifige a bhunú chun an úsáid is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní a chinntiú
- Tacaíocht a thabhairt don Ard-Stiúrthóir chun feidhmíocht airgeadais agus gníomhaíochta a mheas i gcoinne príomh-aschuir / spriocanna comhaontaithe chun éifeachtacht rialuithe airgeadais agus bainistíochta a chinntiú
- Bagairtí agus deiseanna sa timpeallacht riosca a aithint go réamhghníomhach, rioscaí atá ann cheana a athbhreithniú agus a bhainistiú agus a chinntiú go ndéantar an clár rioscaí a nuashonrú dá réir
- Éifeachtúlacht na mbeartas agus na nósanna imeachta san Oifig a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Breathnú ar impleachtaí mholtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus a chinntiú go ndéantar bearta cuí
- A chinntiú go seachadann tionscadail trasfheidhmeacha an t-aschur agus an éifeachtúlacht is fearr trí leithdháileadh cuí acmhainní
- Nuáil a spreagadh agus a chur chun cinn ar fud ghníomhaíochtaí na hOifige
- Oibriú éifeachtach foirne a chothú thar raon feidhmeanna na hOifige chun an éifeachtacht agus an éifeachtúlacht is fearr a chinntiú
- Modhanna oibre agus iompar a léiríonn croíluachanna na hOifige a chur chun cinn

## Cruinnithe

Tionóltar cruinnithe gach mí, seachas mí Lúnasa. Níl aon chóram socraithe do chruinnithe an Choiste Chomhairligh Bainistíochta, ach ní dócha go rachaidh siad ar aghaidh agus níos lú ná cúigear comhaltaí i láthair. Socraítear dátaí i mí Eanáir agus ní mór do chomhaltaí iarracht a dhéanamh freastal ar gach cruinniú.

Is iad seo a leanas na míreanna seasta don chlár oibre:

- Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí ó chruinniú an Choiste Chomhairligh Bainistíochta roimhe seo
- Príomhtheachtaireachtaí/achoimre don fhoireann
- Cainteanna míosúla ar thionscadail TFC atá ar siúl
- Nuashonrú míosúil ar Sheirbhísí Comhroinnte
- Nuashonrú míosúil ar shaincheisteanna/rioscaí dlí

- Nuashonrú míosúil ar an bhféilire Cumarsáide
- Tuarascálacha ráithiúla nuashonraithe gnó ó gach Oifig
- Tuarascáil Airgeadais ráithiúil
- Tuarascálacha ráithiúla ar Bhainistíocht Riosca
- Tuarascálacha ráithiúla ar Rialachas Sonraí
- Nuashonruithe leathbhliantúla ó Choistí Oifige m.sh. Foireann Glas, Foireann Nuálaíochta, Foireann Dualgais na hEarnála Poiblí srl

Tá míreanna breise leagtha síos sa chlár oibre freisin de réir mar is cuí.

## Tuairisciú

Déantar cinntí agus príomhphointí a ardaítear ag cruinnithe a thaifeadadh go foirmiúil. Scaiptear príomhtheachtaireachtaí ón gcruinniú ar an bhfoireann go léir díreach i ndiaidh an chruinnithe agus scaiptear miontuairiscí iomlána ar an bhfoireann go léir, nuair a chomhaontaítear iad. Tugann comhaltaí an Choiste Chomhairligh Bainistíochta eolas suas chun dáta dá bhfoireann freisin ag cruinnithe foirne, a sceidealaítear a luaithe is indéanta tar éis an chruinnithe.

## Coistí

Tá an Coiste Comhairleach Bainistíochta freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí gnó na hOifige agus as seachadadh an Ráitis Straitéisigh. Chun cuidiú leis an CCB gnó na hOifige a stiúradh, tá roinnt coistí bunaithe chun déileáil le gnéithe ar leith de bhainistíocht iomlán na heagraíochta. I measc na gcoistí/grúpaí oibre inmheánacha reatha tá:

- An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta
- Comhairle na nOifigí
- Coiste Dualgais na hEarnála Poiblí
- Foireann Glas
- Foireann Nuálaíochta
- Coiste Comhpháirtíochta
- Grúpa Athbhreithnithe Oibríochtaí

# 4. Socruithe Iniúchta, Dearbhaithe & Comhlíonta

## Oifigeach Cuntasaíochta – Freagrachtaí Iniúchta

Tá freagrachtaí sonracha ar an Oifigeach Cuntasaíochta as an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. De réir Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí agus Caighdeáin Iniúchta Inmheánaigh, déanann sí:

- Cairt scríofa an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí a fhaomhadh
- neamhspleáchas an Aonaid a chinntiú
- an sceideal oibre atá beartaithe don Aonad a chomhaontú leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca
- athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh chun a chinntiú go bhfuil an cháilíocht dearbhaithe inmhianaithe á fáil aici
- a chinntiú go ndéantar beart leantach cuí ar thuarascálacha iniúchta inmheánaigh
- a chinntiú go bhfuil clár oiliúna agus forbartha foirne i bhfeidhm don fhoireann a bhfuil baint acu le hiniúchadh inmheánach
- Coistí Iniúchóireachta agus Riosca a bhfuil acmhainní cuí acu a bhunú

## Ról an Choiste Iniúchóireachta & Riosca

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ina chuid de thimpeallacht rialaithe na hOifige. Tá sé freagrach as comhairle neamhspleách a sholáthar don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hoiriúnacht agus téagar chórais agus nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh na hOifige, lena n-áirítear feidhmiú agus forbairt na feidhme iniúchta inmheánaigh, an timpeallacht rialaithe gnó agus bainistíochta riosca agus an caidreamh le hiniúchadh seachtrach. Ceapann an tOifigeach Cuntasaíochta comhaltas an Choiste, ar a bhfuil Cathaoirleach Neamhspleách, oifigeach Oifige amháin agus beirt ionadaithe seachtracha ó oifigí seirbhíse poiblí eile. Féadfaidh Ceannaire an Aonaid Airgeadais agus an tIniúchóir Inmheánach freastal ar chruinnithe, cé nach comhaltaí den Choiste iad.

Níl an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca freagrach as aon fheidhm feidhmiúcháin agus níl aon chumhacht feidhmiúcháin aige. Comhaontaítear Cairt an Choiste idir an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá an Coiste neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna.

Tá sé údaraithe aon fhaisnéis nó doiciméid a lorg, a bhaineann le hábhair a thagann faoina théarmaí tagartha. Ullmhaítear tuarascáil bhliantúil don Oifigeach Cuntasaíochta ina ndéantar athbhreithniú ar oibríochtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus cuirtear isteach í laistigh de thrí mhí tar éis dheireadh na bliana. Áirítear sa tuarascáil

- measúnú ar obair an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí
- na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
- féinmheasúnú ar éifeachtacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca féin
- deimhniú go bhfuil athbhreithniú ar an gcairt scríofa tugtha chun críche ag minicíocht arna chomhaontú idir an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Cathaoirleach

Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca obair leantach ar aon mholtaí ón Oifigeach Cuntasaíochta a eascraíonn as an tuarascáil, nó le linn idirghníomhaíochtaí eile.

## Ról na hIniúchóireachta Inmheánaí

Is é ról na hIniúchóireachta Inmheánaí ná dearbhú a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht chórais rialuithe inmheánacha, bainistíochta riosca agus socruithe rialachais na hOifige. Tugann sé dearbhú freisin go bhfuil córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun freagrachtaí Luach ar Airgead (LAA) a chomhlíonadh. Clúdaíonn a ghníomhaíocht líonra iomlán chórais na hOifige. Déantar feidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí a sheachfhoinsiú chuig soláthraí seirbhíse seachtrach, a chinntíonn go bhfaigheann an Oifig comhairle shaineolach agus tuairim neamhspleách maidir le leordhóthanacht agus comhlíonadh na rialuithe agus na gcóras inmheánach. Déanann sé a chuid oibre de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Chleachtas Gairmiúil na hIniúchóireachta Inmheánaí (Caighdeáin III), treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Chaighdeáin Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís (Nollaig 2015).

Tuairiscíonn an tIniúchóir Inmheánach don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bhonn rialta i gcomhthéacs an Phlean Oibre Iniúchta Bliantúil, agus mar a iarrann an tOifigeach Cuntasaíochta/Coiste. Déanann siad cumarsáid agus idirghníomhaíonn siad go díreach leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ag cruinnithe.
Déanann sé/sí cumarsáid freisin le Comhaltaí an Choiste idir cruinnithe de réir mar is cuí. Oibríonn an tIniúchóir Inmheánach faoi threoir ghinearálta an Oifigigh Chuntasaíochta a bhfuil rochtain dhíreach aige/aici air.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, i gcomhairle leis an Oifigeach Cuntasaíochta, an Plean Iniúchta rollach bliantúil trí bliana a fhoirmliú, a athbhreithniú agus a mhonatóiriú. Ullmhaíonn an t-iniúchóir inmheánach an dréachtphlean, a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar na nithe seo a leanas:

- Próiseas Bainistíochta Riosca agus Clár Riosca na hOifige
- ionchuir ó bhainisteoirí Oifige
- tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca nó an Iniúchóra Sheachtraigh
- ceisteanna tráthúla eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go chéile

## Iniúchóirí Seachtracha

Tá Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste freagrach as iniúchadh bliantúil a dhéanamh ar chuntais na hOifige faoi Vóta 19.

## Ról an Aonaid Airgeadais

Is é ról an Aonaid Airgeadais ná bainistíocht iomlán ar ghnóthaí airgeadais na hOifige. I measc príomhghnéithe an róil seo tá:

- buiséid a idirbheartú agus a chomhordú maidir le costais riaracháin na hOifige
- gach íocaíocht agus fáltas a thaifeadadh de réir Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí
- monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar chaiteachas in aghaidh buiséid chomhaontaithe agus tuairisciú mar is gá don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta

- cuntais a ullmhú ag deireadh gach bliana airgeadais lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- speansais arna dtabhú ag an bhfoireann le linn gnó oifigiúil a aisíoc
- faisnéis bhainistíochta ar airgeadas na hOifige a sholáthar don Choiste Comhairleach Bainistíochta agus don bhainistíocht líne ar bhonn rialta
- seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar do chliaint inmheánacha agus sheachtracha agus ag déileáil le fiosrúcháin, agus treoir agus comhairle a sholáthar nuair is gá

Mar chuid de Chlár Oibre Athchóirithe an Rialtais, bunaíodh Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais (LSCA) i 2022, a thug isteach Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais (SCA) ar ardán airgeadais aonair comhtháite. Bhí an Oifig ar cheann de na chéad oifigí cliaint a bhog go dtí an SCA nua. Is é cuspóir an ardáin nua ná cleachtais chuntasaíochta agus teicneolaíocht uathoibrithe nua a chaighdeánú, ag seachadadh faisnéise bainistíochta airgeadais feabhsaithe chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht níos fearr a chinntiú, agus slándáil agus rialuithe feabhsaithe. Bhí an tionscadal an-dian ó thaobh ullmhúcháin de mar go bhfuil an córas nua an-difriúil ón múnla reatha. Tá an tAonad Airgeadais ag leanúint de bheith i dteagmháil leis an RCPA, de réir mar a thagann saincheisteanna chun cinn, mar thoradh ar an aistriú chuig an gcóras nua.

## Bainistíocht Riosca

Soláthraíonn beartas Bainistíochta Riosca na hOifige na meicníochtaí chun rioscaí corparáideacha a aithint, a chur in ord tosaíochta agus a rangú agus a chinntiú go gcuirtear na bearta maolaithe cuí i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin.

Is ar an bhFoireann Bainistíochta atá an phríomhfhreagracht maidir le rioscaí corparáideacha a aithint. Tá na comhaltaí in ann rioscaí corparáideacha a aithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Tá ról ag grúpaí eile laistigh den Oifig (m.sh. an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an tAonad Seirbhísí Corparáideacha, an Grúpa Athbhreithnithe Oibríochtaí) freisin maidir le cur leis an bpróiseas bainistíochta riosca.

Tá freagracht iomlán ar an Ard-Stiúrthóir as an bpróiseas bainistíochta riosca. Coinníonn an Oifig Clár Rioscaí, a nuashonraítear go ráithiúil le linn cruinnithe idir an tAS agus ceannairí gach aonaid ghnó. Déanann an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú iomlán air gach bliain. Gabhann an Clár freisin aon teagmhais riosca a tharlaíonn, atá nasctha ansin le hiontrálacha riosca nua nó reatha. Ligeann an Clár d'úsáideoirí tuarascálacha a ullmhú, ina liostaítear na rioscaí a bhfuil siad freagrach as a bhainistiú, cúis agus tionchar na rioscaí sin, na maoluithe atá i bhfeidhm cheana féin nó atá le déanamh agus an scála ama chun na maoluithe sin a chur chun feidhme.

Ionchorpraíonn tograí do thionscadail nua cleachtadh measúnaithe riosca, a bhreithníonn an Ceannaire Tionscadail cuí agus/nó an Fhoireann Bainistíochta nuair is gá. Cuirtear na rioscaí nua seo leis an gClár Rioscaí ar bhonn leanúnach.

# Nochtadh Cosanta

Soláthraíonn an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 cosaintí d'oibrithe a ardaíonn ábhair imní dhlisteanacha maidir le héagóir iarbhír nó féideartha san ionad oibre. Tá nósanna imeachta forbartha ag an Oifig de réir an Achta, atá faofa ag an gCoiste Comhairleach Bainistíochta. Sonraíonn na nósanna imeachta:

- conas is féidir le baill foirne nochtadh cosanta a dhéanamh
- cad a tharlaíonn nuair a dhéantar nochtadh
- cad a dhéanfaidh an Oifig chun an nochtóir a chosaint

Aithníonn an Oifig an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go mothaíonn an fhoireann go dtacaítear leo san ionad oibre. Tacaíonn an próiseas le tiomantas na hOifige chun a chinntiú go spreagann agus go n-éascaíonn an cultúr agus an timpeallacht oibre an fhoireann chun 'labhairt suas' ar aon cheist a chuireann isteach ar chumas na hOifige a freagrachtaí a chomhlíonadh. Ceanglaíonn an tAcht ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a fhoilsiú maidir le nochtadh cosanta a fhaightear faoi fhorálacha an Achta sin. Foilsíonn gach ceann d'fheidhmeanna reachtúla na hOifige an tuarascáil ar a suíomhanna gréasáin faoi seach.

# Bainistíocht Taifead

Cruthaítear taifid chun gníomhaíochtaí, feidhmeanna agus cinntí na hOifige a dhoiciméadú. Tacaíonn coimeád taifead éifeachtach le riachtanais ghnó agus comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha (An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 agus an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí). Is féidir le taifid a bheith i bhfoirmeacha éagsúla fisiceacha. Is iad aidhmeanna chóras bainistíochta taifead na hOifige ná:

- An t-eolas ceart a sholáthar
- Don duine ceart
- Ag an am ceart
- Ar feadh an fad ama ceart
- Ar an mbealach is éifeachtaí agus ar aon dul le prionsabail luach ar airgead
- A bheith eolach cá bhfuil taifid
- A fhios cé a dhéileáil le taifid

Forálann comhlíonadh na gceanglas bainistíochta taifead d'aisghabháil faisnéise níos tapúla, níos mó slándála, bainistíocht eolais agus comhlíonadh na bhforálacha dlíthiúla ábhartha. Clúdaítear gach faisnéis a chruthaíonn nó a fhaigheann baill foirne agus iad i mbun a ndualgas thar ceann na hOifige i mBeartas Bainistíochta Taifead na hOifige. Baineann an polasaí le gach ball foirne buan, conradh agus sealadach in aon cheann de na hoifigí reachtúla.

# Taifid agus iarratais rochtana

Cé go ndéanann gach ceann de na hOifigí feidhmeanna reachtúla ar leith, feidhmíonn siad mar ghníomhaireacht chónasctha aonair faoi Vóta amháin. Tá a líon foirne féin ag gach feidhm agus tá siad neamhspleách chun críche iarratais rochtana a fhaightear faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí nó um Shaoráil Faisnéise. Tacaíonn ár gcomhghleacaithe i "gCroílár na Corparáide" ár n-eagraíochta go léir linn inár gcuid oibre, a thugann saineolas agus tacaíocht speisialta dúinn i raon réimsí teicniúla, nach mbeadh ar fáil don chomhlacht aonair níos lú a d'fhéadfadh a bheith ag obair leo féin. Táimid thar a bheith cúramach chun a chinntiú go gcoimeádtar an cásobair, an chinnteoireacht agus na sonraí pearsanta go léir a bhailítear trí gach gné dár bhfeidhmeanna ar leithligh agus nach bhfuil rochtain ach ag baill foirne atá ag obair sa réimse sin orthu. Ar an ábhar sin, is í Oifig an Ombudsman a chomhordóidh iarratais chuig comhlacht aonair, a bhaineann le faisnéis atá i seilbh seirbhísí

comhroinnte. Áiritheoidh sé seo go bpróiseálfar an t-iarratas ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir.

## Saoráil Faisnéise

Tugann an tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF) 2014 an ceart do dhuine rochtain a lorg ar thaifid, cúiseanna le cinntí agus leasuithe ar thaifid atá i seilbh na hOifige, faoi réir aon srianta is infheidhme. Tá oifigeach idirchaidrimh um Shaoráil Faisnéise ceaptha ag gach ceann d'fheidhmeanna reachtúla na hOifige, a chinntíonn go gcuirtear iarratais SF a fhaigheann an Oifig ar aghaidh chuig cinnteoir sa rannóg ábhartha lena bpróiseáil agus lena bhfreagra don iarrthóir. Foilsítear sonraí maidir le conas iarratas SF a dhéanamh ar shuíomh gréasáin gach ceann d'fheidhmeanna reachtúla na hOifige mar aon le faisnéis faoi aon srianta a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

## Cosaint Sonraí

Tá an Oifig lántiomanta do chosaint na sonraí pearsanta atá ina seilbh, i gcomhréir le prionsabail an Rialacháin Ghinearálta ar Chosaint Sonraí (RGCS) agus an Achta um Chosaint Sonraí, 2018. Faigheann baill foirne oiliúint ar chosaint sonraí lena chinntiú go dtuigeann siad a gcuid oibleagáidí sa réimse seo. Tá bearta agus prótacail dhian slándála i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a chosaint atá i gcomhaid fhisiciúla a choinnítear in aonaid ghnó agus sa chóras TFC comhroinnte. Foilsítear Fógraí Príobháideachta Sonraí ar gach ceann dár suíomh ghréasáin, a sholáthraíonn faisnéis faoi na bealaí ina mbailímid agus ina n-úsáidimid sonraí pearsanta ár gcustaiméirí.

Cheap an Oifig Oifigeach Cosanta Sonraí i 2018, a chomhordaíonn na freagraí ar Iarratais Duine ar a Sonraí , a chinntíonn tuairisciú trédhearcach aon sáruithe sonraí a d'fhéadfadh tarlú agus a sholáthraíonn comhairle ar ábhair a bhaineann le sonraí pearsanta.

## Soláthar Poiblí

Tá Plean Soláthair Corparáideach na hOifige mar bhunús do chórais láidre bainistíochta airgeadais, bainistíochta riosca, iniúchta agus rialachais chorparáidigh le haghaidh soláthair don Oifig. Déanann

sé achoimre ar ár spriocanna agus ár gcuspóirí soláthair do na trí bliana amach romhainn. Is iad cuspóirí an Phlean Soláthair Chorparáidigh:

- A chinntiú go gcloíonn an Oifig le treoracha soláthair, le reachtaíocht, le ciorcláin agus le ceanglais dhlíthiúla eile, agus go gcloíonn an fhoireann atá i mbun soláthair le beartais agus nósanna imeachta soláthair na heagraíochta;
- Tacú le soláthar seirbhíse na hOifige agus na cuspóirí straitéiseacha i Ráiteas Straitéise na hOifige a chomhlíonadh;
- Luach níos fearr ar airgead a bhaint amach trí dheiseanna coigiltis a aithint, mar shampla trí chreataí nó modhanna eile a úsáid; agus
- Meicníochtaí éifeachtacha a bheith i bhfeidhm chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar chaiteachas.

## Cuspóirí Soláthair

Is é príomhfhócas an tsoláthair don tréimhse ná cabhrú leis an Oifig a spriocanna a bhaint amach mar a shainaithnítear sa Ráiteas Straitéise. Príomhfhócas na Straitéise is ea leas a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach chun éifeachtúlacht ghníomhaíochtaí laethúla na hOifige a fheabhsú agus ag an am céanna ár seirbhísí a dhéanamh níos inrochtana dár gcustaiméirí.

Tá oscailteacht agus trédhearcacht lárnach chun a chinntiú go mbíonn idirbhearta agus cinntí soláthair cóir, cothrom agus go mbaineann siad luach ar airgead amach. Ar an gcaoi chéanna, is é an toradh a bhíonn ar dhea-rialachas ná úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní agus cuireann sé cinnteoireacht níos eolasaí chun cinn. Tá freagracht ar an Oifig dea-rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm, a bhfuil Plean Soláthair Corparáideach ina chomhpháirt thábhachtach de. Tá gach soláthar a dhéanann an Oifig á rialú ag na príomhphrionsabail seo a leanas:

- Soláthraíonn an próiseas soláthair luach ar airgead;
- Go ndéantar an soláthar a dhéanann an Oifig i gcomhréir leis na nósanna imeachta seo agus le gach dlí agus treoir náisiúnta ábhartha chomh maith le reachtaíocht an AE;
- Déanfar athbhreithniú scríofa bliantúil ar gach earra nó seirbhís a sholáthrófar ar luach os cionn €25,000, trína ndéanann an t-oifigeach atá freagrach athbhreithniú ar an gcaiteachas iomlán go dtí seo ar an tionscadal, ar an gcaiteachas iomlán a bhfuiltear ag súil leis agus ar an

gcaoi a gcuirtear i gcomparáid leis an mbunchonradh. Cuirfear athbhreithnithe den sórt sin faoi bhráid an Oifigigh Soláthair agus úsáidfear iad chun déileáil le fiosrúcháin iniúchta gaolmhara;

- Beidh cruinnithe míosúla ann chun monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas agus ar sholáthar a mbeidh an tArd-Stiúrthóir, an tOifigeach Airgeadais, an Cuntasóir agus an tOifigeach Soláthair páirteach iontu;
- An úsáid is mó is féidir a bhaint as creat-chomhaontuithe atá bunaithe go lárnach;
- A chinntiú go gcloítear le Ciorclán 10/14 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe “Rannpháirtíocht FBM i Soláthar Poiblí & Treoir d'Údaráis Chonarthacha Poiblí a Éascú”, agus go háirithe tiomantas an Rialtais chun rannpháirtíocht FBM i soláthar na hearnála poiblí a éascú;
- Úsáid ceisteanna comhshaoil agus sóisialta a chur chun cinn i soláthar poiblí de réir chiorclán 20/2019 ón RCPA;
- Ba chóir go mbeadh próisis soláthair oscailte agus trédhearcach; agus
- Cloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí lena n-áirítear gnéithe luach ar airgead.

## Athbhreithniú

Déanfar an doiciméad seo a athbhreithniú agus a chur i láthair don Choiste Comhairleach Bainistíochta gach trí bliana. Rinneadh é a athbhreithniú, a nuashonrú agus a athfhoilsiú roinnt uaireanta, agus an ceann is déanaí i mBealtaine 2023. Déanfar an chéad athbhreithniú eile faoi Bhealtaine 2026.

# Aguisín 1

## Struchtúr Foirne Bainistíochta Mionsonraithe

